# Féile an Fhómhair faoi lán seoil

Cuireadh tús spleodrach le Féile an Fhómhair i gCeatharlach an Déardaoin seo caite agus ó shin i leith tá idir óg agus fásta ag baint taitnimh agus spraoi as imeachtaí na féile. Is féile dhátheangach í a chuireann béim ar áilleacht na timpeallachta. Ba thráthúil mar sin gur ar Lá Náisiúnta na gCrann a cuireadh tús leis an bhféile.

Ag cloí le téama na timpeallachta agus i gcomhar le Leabharlann Chontae Cheatharlach eagraíodh dhá cheardlann ealaíne do pháistí faoin teideal "Dathanna an Fhómhair" agus bhí éileamh an-mhór ar áiteanna. Chomh maith leis sin tá an taispeántas "Ainmhithe an Fhómhair" ar crochadh sa leabharlann agus an pobal idir óg agus sean ag léiriú an-spéis ins na pictiúir ghleoite. I gcomhar le Cumann Turasóireacht Cheatharlach eagraíodh a lán imeachtaí faoin aer thar an deireadh seachtaine le tóraíocht taisce sa choill, picnic na dteidí béar i bPáirc an Bhaile agus siúlóid cois na habhann san áireamh.

Bhí an amharclann G.B. Shaw lán le daltaí scoile agus a múinteoirí an Déardaoin seo caite nuair a chuir an comhlacht drámaíochta Fíbín an dráma "Bodach, an Cóta Lachna" ar an stáitse agus bhain gach éinne an-sult as an léiriú nua-aimseartha ar an seanscéal fiannaíochta seo. Níos déanaí an lá céanna bhí eagrán speisialta de Scéalaíocht Am Lóin idir lámha in Ionad Visual agus clár lán de mhíreanna éagsúla siamsaíochta curtha i láthair. I measc na n-imeachtaí eile gur éirigh thar barr leo bhí rince ar an sean-nós le Liam Ó Scanláin agus rince seite le Peadar Ó Néill.

Tá Féile an Fhómhair faoi lán seoil fós agus leanfar leis na himeachtaí go dtí Déardaoin na seachtaine seo. Seó puipéadóireachta as Gaeilge atá ar siúl i Halla na Gaelscoile ar maidin fhad is atá na gearrscannáin Ghaeilge ar taispeáint do dhéagóirí ins an amharclann G.B. Shaw. Is aoibhinn le páistí ceisteanna a fhreagairt agus beidh Teach Asca lán níos déanaí anocht, an Mháirt, le haghaidh Spraoicheist na mbunscoileanna. I rith an lae inné a reachtáladh Tráth na gCeist d'iarbhunscoileanna agus nach brea sásta a bhí na mic léinn a gcuid seomraí ranga a thréigean don iarnóin agus aghaidh a thabhairt ar Ionad Pharóiste na hArdeaglaise. Beidh fáilte roimh chách ag 11.00 maidin amárach, an Chéadaoin, i dteach tábhairne Reddys le haghaidh caifé agus comhrá na maidine. Cuirfear críoch chóir leis an 20ú Fhéile an Fhómhair ar an Déardaoin, 18 Deireadh Fómhair, le hoíche mhór de cheol, amhránaíocht, scéalaíocht agus comhrá thuas staighre ins an Teach Dolmain le tosú ag 8.00i.n. agus ag críochnú go déanach le seisiún na féile sa Teach Bar.

Gabhann Glór Cheatharlach buíochas ó chroí leis na scoileanna agus leis an bpobal i gcoitinn as an tacaíocht atá á thabhairt don fhéile agus as freastal ina sluaite ar na himeachtaí éagsúla. Gura fada buan sibh.

| **Gluais:** | **Glossary:** |
|---|---|
| spleodrach | cheerful |
| áilleacht | beauty |
| i gcomhar | in association |
| ag cloí | in keeping with |
| nua-aimseartha | modern |
| eagrán | edition |
| tacaíocht | support |
| i gcoitinn | in general |

## Seó Faisin ón Siopa Glas, Balana

Beidh an chéad Seó Faisin á reáchtáil ag Meitheal Feabhsaithe Bhalana agus ag Glór Bhalana ar siúl in Óstlann Ballykealey Manor, Balana, Co.Cheatharlach istoíche Dé hAoine 9 Samhain. Oíche dhátheangach a bheidh i gceist agus is í Bernie Ní Mhaoláin, múinteoir áitiúil, a bheidh mar bhean a' tí agus mar láithreoir ar an ócáid. Beidh maithe, móruaisle agus daoine cáiliúla an cheantair i measc na mainicíní a chuirfidh cnuasach éadaigh an gheimhridh ar taispeáint, agus na héadaí ar fad ar fáil ón Siopa Glas. Is iomaí ball suimiúil éadaigh a bheidh le feiceáil ar an ardán taispeána an oíche chéanna. An cead isteach ná €10 agus beidh sólaistí istigh ar an táille seo. Is féidir ticéid a cheannach ón Siopa Glas i mBalana.
Táthar ag súil le slua mór bheith i láthair ag an ócáid phobail iontach seo, agus go mbainfidh cách súp as! Rachaidh gach fáltas ón gcrannchur chun sochar Bhunscoil Bhalana.
Bí Linn agus Fáilte! Eolas eile ar fáil ag www.ballonvillage.com

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

# Glór Cheatharlach

## Deireadh Seachtaine rathúil i Ráth Chairn


An t-amhranaí Éamon Ó Donnchadha ar chlé le Séamus Mac Seoirse, Séamus Ó Riain agus Máire Mhic Sheoirse ag an deireadh seachtaine i Ráth Chairn

Chruinnigh foghlaimeoirí Gaeilge ó gach cearn den tír i Ráth Chairn le déanaí do dheireadh seachtaine Gaeilge agus Cultúrtha. Ba é seo an cúigiú bliain den ócáid ráthúil seo a bhí ar bun ón 5-7 Deireadh Fómhair agus é eagraithe ag Gael Linn. Dúirt Seán Ó Ceallaigh thar cheann Gael Linn: "Is í an aidhm a bhí leis an ócáid ná deis a thabhairt do dhaoine fásta feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha in atmasféar taitneamhach spraíúil agus ag an am céanna, blaiseadh a fháil de chultúr na Gaeltachta".

Cuireadh clár chuimsitheach d'imeachtaí le chéile don deireadh seachtaine, ranganna comhrá Gaeilge, ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós, tráth na gceist boird agus seisiúin cheoil traidisiúnta ina measc.

Bhí roinnt daoine as Ceatharlach ann ina measc Máire agus Jim Mac Seoirse as Balana agus Séamus Ó Riain as baile Cheatharlach. D'fhan na rannpháirtithe i dtithe lóistín sa cheantar agus chuir muintir na háite an-fháilte rompu. Tá Gaeltacht Ráth Chairn suite timpeall uair a chloig ó Bhaile Átha Cliath i gContae na Mí. Bunaíodh an Ghaeltacht I Ráth Chairn i 1935 nuair a aistríodh teaghlaigh iomlána aniar as Conamara chuig Co. na Mí. Is Gaeltacht bheo í a ofrálann timpeallacht idéalach chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh.

# Wedding bells for Eamon and Edel

EAMON ROSSITOR from Coolkenno and Edel Murphy, Grangeford were married in St Patrick's Church, Rathoe recently. The nuptial Mass was celebrated by Fr Whelan, PE, Rathoe. Chief bridesmaid was Joanne Connors, other bridesmaids were Danielle McHutcheon and Jade Scanlon, the bestman was Cathal Rossiter, and groomsmen were Brian Rossiter and Ciaran Rossiter. Flower girl was Jolie Connors and page boy was Patrick Connors.

## Clonmore



STASIA DOYLE
TEL: 059 6471459

**HEALING**
An afternoon of prayer and healing with Eddie Stone will take place in Killavaney Church, Tinahely on Saturday 20 October at 2pm. All welcome.

**CHARITY CONCERT**
A charity concert will be held in the commmunity hall, Tinahley on 21 October with one of Ireland's leading sopranos, Louise Irvine. Also taking part is the Suburban Street Band as well as Padraig Darcy, another very promising young singer. Doors open at 7.30pm and admission is €10.

**VINTAGE RUN**
A vintage car/tractor run in memory of Daniel Lawlor Jnr will take place on Sunday 21 October at 12.30pm at John Doyle's cross Tobinstown in aid of CRY (Cardiac Risk in the Young). For sponsor cards and more details, contact Dan Lawlor on 087 2746358, Matt Lawlor on 087 2997255 or email lawlorm@gmail.com.

**PARISH LOTTO**
nnumbers drawn in the recent parish lotto draw were 3, 4 and 10 and the bonus number was 11. The jackpot was €700, with a bonus of €1,700. Winners of €40 each were Eileen Darcy, Tinahely; Niamh O'Sullivan, Knockatomcoyle; Teresa Mulvihill, Ballyconnell; Liam Coleman, Ballykilduff and Ann O'Rourke, Killinure.

**AGM**
The annual meeting of Hacketstown and Clonmore community games will be held on Tuesday night 16 October at 8pm in St John's Hall. All welcome

**BIG BINGO SESSION**
The big bingo session held recently in Hacketstown Hall was a great success with huge crowds attending. The raffle the same night in aid of the national school amounted to almost €1,000. The committee thanks all who took part.

**HALLOWEEN PARTY**
A Halloween party for senior citizens, hosted by St John's caring centre, Hacketstown takes place in the community hall on Thursday 1 November from 2pm to 5pm. Music and refreshments will be provided. Admission is free, fancy dress is optional and a raffle will also be held on the day. Halloween outfits, wigs and so forth are wanted. Please phone 059 6471417. All welcome.

**PRE-MARRAIGE**
Pre-marriage workshops take place from 19-20 October and 16-17 November. To reserve a place, book on line at www.accord.ie or phone 059 9138738. For further information, please contact Accord, Carlow, St Catherine's Social Centre, St Joseph's Road, Carlow.

**ADORATION**
Adoration of the blessed Eucharistic will be held in all churches during the week as usual.